

Gaeilge	Béarla
1. Bhí lá saoire ag na páistí.	The children had a holiday.
a. Tá peann agam.	I have a pen.
b. An bhfuil peann agat?	Do you have a pen?
c. Níl. Níl peann agam.	No. I don't have a pen.
d. Bhí lá saoire agam.	I had a holiday.
e. An raibh caife agat?	Did you have coffee?
f. Ní raibh. Ní raibh caife agam.	No. I didn't have coffee.
g. Beidh cupán tae agam.	I'll have a cup of tea.
h. An mbeidh cupán tae agat?	Will you have a cup of tea?
i. Ní bheidh. Ní bheidh tae agam.	No. I won't have tea.
j. agam/agat/aige/aici/againn/agaibh/acu	at me/you/him/her/us/ye/them
k. an páiste / na páistí	the child / the children
2. Shocraigh siad dul ag rothaíocht faoin tuath.	They decided to go cycling in the country.
a. D'fhan mé sa bhaile.	I stayed at home.
b. Tá mé ag fanacht sa bhaile.	I'm staying at home.
c. Shocraigh mé fanacht sa bhaile.	I decided to stay at home.
d. Is maith liom fanacht sa bhaile.	I like to stay at home.
e. Ba mhaith liom fanacht sa bhaile.	I'd like to stay home.
f. mé/tú/sé/sí/muid/sibh/siad	I/you/he/she/we/ye/they
g. Shocraigh mé ceapaire a dhéanamh.	I decided to make a sandwich.
h. Shocraigh mé ceapaire a ithe.	I decided to eat a sandwich.
i. Ar shocraigh tú é a dhéanamh?	Did you decide to do it?
j. Níor shocraigh.	No.
3. Rinne Mamaí ceapairí blasta dóibh.	Mommy made tasty sandwiches for them.
a. Rinne sé ceapaire dom.	He made a sandwich for me.
b. Rinne mé ceapaire duit.	I made a sandwich for you.
c. An ndearna sí ceapaire dó?	Did she make a sandwich for him?
d. Ní dhearna sé ceapaire di.	He didn't make a sandwich for her.
e. dom/duit/dó/di/dúinn/daoibh/dóibh	for me/you/him/her/us/ye/them
f. an ceapaire / na ceapairí	the sandwich / the sandwiches
4. D'imigh na páistí leo ansin.	Then the kids went off.
a. Chuaigh na páistí amach.	The children went out.
b. D'imigh na páistí.	The children left.
c. D'imigh na páistí leo.	The children went off.
d. liom/leat/leis/léi/linn/libh/leo	with me/you/him/her/us/ye/them

5. Bhí an lá go hálainn.		The day was beautiful.	
a. go maith	fine	d. go hálainn	beautiful
b. go breá	great	e. go dona	bad
c. go deas	nice	f. go hainnis	awful
6. Ní raibh scamall sa spéir.		There wasn't a cloud in the sky.	
7. Ar aghaidh leo gur tháinig siad chuig siopa.		On they went until they came to a shop.	
a. Téigh ar aghaidh.		Go on. Go forward.	
b. Rith sé gur shroich sé an siopa.		He ran until he reached the shop.	
c. D'fhan sí sa chistin gur ith sé an bricfeasta.		She waited in the kitchen until he ate the breakfast.	
8. Isteach leo chun líomanáid agus uachtar reoite a cheannach.		In they went to buy lemonade and ice cream.	
a. Chuaigh mé ansin chun leabhar a léamh.		I went there to read a book.	
b. Cén fáth a bhfuil tú anseo?		Why are you here?	
c. Tá mé anseo chun Gaeilge a fhoghlaim.		I'm here to learn Irish.	
d. Cén fáth a ndeachaigh tú abhaile?		Why did you go home?	
e. Chuaigh mé abhaile chun tae a ól.		I went home to drink some tea.	
f. Cén fáth ar tháinig tú?		Why did you come?	
g. Tháinig mé chun Gaeilge a fhoghlaim.		I came to learn Irish.	
9. Nuair a shroich siad an abhainn, chuaigh siad thar an droichead.		When they reached the river, they went across the bridge.	
a. Nuair a tháinig mé isteach, chonaic mé Máire.		When I came in, I saw Mary.	
b. Nuair a shroich sí an teach, d'ith sí a lón.		When she reached the house, she ate her lunch.	
c. Nuair a chonaic sé í, rith sé amach.		When he saw her, he ran out.	
d. Cad a rinne tú nuair a tháinig tú isteach?		What did you do when you came in?	
10. Tháinig siad anuas dá rothair ansin.		They came down from their bikes then.	
a. Tháinig sé anuas.		He came down.	
b. Tháinig sé aníos.		He came up.	
c. Chuaigh sé suas [an staighre].		He went up [the stairs].	
d. Chuaigh sé síos [an staighre].		He went down [the stairs].	
e. Tháinig mé anuas de mo rothar.		I came down from my bicycle.	
f. an rothar / na rothair		the bicycle / the bicycles	
g. mo/do/a/a/ár/bhur/a		my/your/his/her/our/your/their	
h. de mo/de do/dá/dá/dár/de bhur/dá		from my/your/his/her/our/your/their	

11. Dónall: Suífidh muid anseo tamall.	Dónall: We'll sit here a while.
12. Tá an-tuirse orm.	I'm very tired.
a. Tá tuirse orm.	I'm tired.
b. An bhfuil tart ort?	Are you thirsty?
c. Níl deifir air.	He's not in a hurry.
d. Bhí tinneas cinn uirthi.	She had a headache.
e. Ní raibh ocras orainn.	We weren't hungry.
f. An raibh eagla oraibh?	Were ye afraid?
g. Bhí slaghdán orthu.	They had a cold.
h. Tá an fliú ar Sheán.	Sean has the flu.
i. orm/ort/air/uirthi/orainn/oraibh/orthu	on me/you/him/her/us/ye/them
13. Gearóid: Tá an ghrian an-te.	Gearóid: The sun is very hot.
a. Tá sé an-fhuar.	It's very cold.
b. Tá sé an-gheall.	It's very bright.
c. Tá sé an-dorcha.	It's very dark.
14. Dónall: Beidh picnic againn anseo ar bhruach na habhann.	Dónall: We'll have a picnic here on the bank of the river.
a. an abhainn	the river
b. na habhann	of the river
Q1. Cén fáth nach raibh na páistí ar scoil?	Why weren't the kids at school?
Q2. Cad a rinne na páistí?	What did the children do?
Q3. Cad a thug Mamaí do na páistí?	What did Mommy give the children?
Q4. Cén sórt aimsire a bhí ann?	What kind of weather was there?
Q5. Cén dáth a bhí ar an spéir?	What color was the sky?
Q6. Cén fáth a ndeir tú sin?	Why do you say that?
Q7. Cad a cheannaigh na páistí?	What did the children buy?
Q8. Cár cheannaigh siad é?	Where did they buy it?
Q9. Cár ith na páistí a lón?	Where did the children eat their lunch?